

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

22 Aibreán 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/655 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic 10
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/656 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena gcláraítear ainm i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (“Slovenska potica” (STR)) 12
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/657 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint “Cașcaval de Săveni” (TGFC) 14
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/658 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 maidir le húdarú bláthola ó *Origanum vulgare* L subsp. *hirtum* (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ⁽¹⁾ 16

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 maidir le caighdeán chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhphárteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 20, 27.1.2021) (IO L 0, 27.1.2021) 20

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/654 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2020

lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 75(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 75(1) de Threoir (AE) 2018/1972, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh tarmligthe, uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna do sheirbhísí soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna do sheirbhísí seasta d'fhonn an t-ualach rialála a laghdú i ndul i ngleic le fadhbanna iomaíochta maidir le foirceannadh guthghlaonna mórdhíola go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Leagtar amach na prionsabail, critéir agus paraiméadair ar cheart don Choimisiún cloí leo agus an gníomh tarmligthe á ghlacadh acu in Iarscríbhinn III den Treoir sin.
- (2) Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí na nÚdarás Rialála Náisiúnta (NRAnna) chun sainmhíniú a dhéanamh ar na margáí ábhartha iomchuí do chúinsí náisiúnta, an tástáil trí chritéar a dhéanamh agus leigheasanna seachas rialú praghais i gcomhréir le hAirteagal 64(3), le hAirteagal 67 agus le hAirteagal 68 den Chód a fhorchur. Dá réir sin, ní bheidh tionchar ar na hoibleagáidí neamhphraghais a fhorchuireann na NRAnna faoi láthair ar oibreoirí le cumhacht margaidh suntasach i ndáil le seirbhísí foirceanta seasta nó soghluaiste nuair a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm, agus dá bhrí sin beidh siad bailí go dtí go ndéantar athbhreithniú orthu, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta.
- (3) Léiríonn cleachtas rialála go bhfuil ról ríthábhachtach ag an uimhir ar a bhfoirceannantar glaonna soghluaiste nó seasta in ionadaitheacht éilimh agus dinimicí iomaíochta i bhfoirceannadh guthghlaonna, dá bhrí sin is é sin an phríomhghné as a dtagann an mhonaplacht foirceanta atá mar bhun leis an ngá le rialáil. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an príomhchritéar a úsáidtear chun seirbhísí foirceanta a shainmhíniú an raon uimhreacha, i.e. cibé an seachadtar an glao chuig uimhir shoghluaiste, i gcás seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna shoghluaiste, nó chuig cineálacha eile uimhreacha cosúil le huimhreacha tíreolaíochta agus uimhreacha áirithe neamh-thíreolaíochta, i gcás seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna seasta.
- (4) Ba cheart go n-áireofaí sna seirbhísí foirceanta seirbhísí arna gcur ar fáil trí aon teicneolaíocht a úsáidtear chun guthghlaonna a fhoirceannadh ag an soláthraí foirceanta amháil ar líonra 2G, 3G, 4G nó 5G agus/nó trí WiFi, nó aon chineál líonra seasta, beag beann ar bhunús an ghlae.

⁽¹⁾ IOL 321, 17.12.2018, ICh. 36.

- (5) Baineann líonra an oibreora foirceanta ag idirnasadh le líonra amháin eile ar a laghad seachas a cheann féin le seirbhís foirceanta, bíodh sí soghluaiste nó seasta. Dá bhrí sin, ba cheart go mbreithneofaí soláthraithe seirbhís foirceanta guthghlaonna amhail iad siúd a bhfuil rialú teicniúil agus an ceart dlíthiúil acu an uimhir ar glaodh uirthi a úsáid agus an glao a ródú chuig an bhfaighteoir.
- (6) Ba cheart go n-eisiafaí sa tseirbhís foirceanta na saoráidí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó oibreoír áirithe nó i mBallstáit áirithe i gcomhair soláthar seirbhís foirceanta. Ach, tá poirt idirnaisc, atá á rialáil faoi láthair in go leor Ballstát, ina ngnéithe ríthábhachtacha de sheirbhís foirceanta d'aon oibreoír mar go bhfuil gá le cumas méadaithe i gcomhair idirnaisc le trácht ag méadú, agus dá bhrí sin ba cheart iad a áireamh sa sainmhíniú ar sheirbhís foirceanta. Níor cheart go ngearrfadh soláthraí seirbhís foirceanta do ghuthghlaonna aon chostas seachas na rátaí ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo don tseirbhís iomlán chun glao a fhoirceannadh le húsáideoir ar a líonra.
- (7) Ní fheidhmíonn seirbhís foirceanta do ghuthghlaonna chuig uimhreacha neamh-thíreolaíocha áirithe, amhail iad siúd a úsáidtear i gcomhair seirbhís príomhráta, seirbhís saor in aisce agus seirbhís costas comhroinnte (dá ngairtear freisin “seirbhís breisluacha”), amhail seirbhís foirceanta “traidisiúnta” i gcás ina bhfuil monaplacht ag na hoibreoírí a fhoirceannann an glao. Tá roinnt cumhacht margála ag soláthraithe na seirbhís sin, agus tá siad in ann idirbheartaíocht a dhéanamh ar an ráta foirceanta mar chuid den chomhaontú comhroinnte ioncaim. Dá bhrí sin, tá srianta áirithe roimh sholáthraithe foirceanta agus táillí á socrú acu d'fhoirceannadh glaonna chuig na huimhreacha neamh-thíreolaíocha seo, murab ionann agus foirceannadh glaonna chuig uimhreacha tíreolaíocha nó soghluaiste. Dá bhrí sin, ba cheart foirceannadh glaonna chuig uimhreacha den chineál sin a eisiáil ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ní úsáidtear, i bhformhór cásanna, raonta uimhreacha sonracha do chumarsáidí meaisín le meaisín (M2M), chun cumarsáidí idirphearsanta a sholáthar, mar gheall gur trácht sonraí agus ní gutha atá i gceist, agus dá bhrí sin níor cheart iad a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo atá teoranta do chumarsáidí gutha.
- (8) Léiríonn seirbhís foirceanta do ghuthghlaonna do ghlaonna chuig cineálacha eile uimhreacha neamh-thíreolaíocha, amhail iad siúd a úsáidtear i gcomhair seirbhís fánaíochta seasta agus rochtain ar sheirbhís éigeandála, saintréithe monaplacht foirceanta, agus soláthraítear iad thar bhonneagar seasta. Dá bhrí sin, ba cheart go dtiocfaidís faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus go gcaithfí leo amhail seirbhís foirceanta do ghuthghlaonna seasta.
- (9) Ní féidir roinnt seirbhís guthghlaonna arna soláthar ag oibreoírí a rangú mar sheirbhís soghluaiste nó seirbhís seasta amháin ach is seirbhís hibride iad. Sampla de na seirbhís hibride sin is ea seirbhís “crios baile”, trína seachadtar glaonna go hiondúil chuig uimhir sheasta thar líonra soghluaiste. De réir an tsainmhíneithe ar sheirbhís foirceanta do ghuthghlaonna inarb í an uimhir a ghlaoithear uirthi an critéar cinntitheach, ba cheart caitheamh le seirbhís hibride den sórt sin amhail seirbhís soghluaiste nó seasta ag brath ar an uimhir ar glaodh uirthi.
- (10) Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rátaí rialaithe do sheirbhís foirceanta guthghlaonna le glaonna a thionscnaítear agus a fhoirceannantar ó uimhir a áirítear i bpleananna uimhreacha náisiúnta a chomhfhreagraíonn do chóid tíre E.164 do limistéir gheografacha a bhaineann le críoch an Aontais (uimhreacha Aontais). Is ionann uimhreacha tríú tír agus gach uimhir seachas uimhreacha Aontais. Bheadh an baol ann go mbainfí an bonn de chuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe iad siúd lena n-áiríthítear comhtháthú margaidh inmheánaigh, dá n-áireofaí glaonna a thionscnaítear i dtríú tíortha agus a fhoirceannantar chuig uimhir Aontais, i gcás ina ngearrann oibreoírí tríú tír rátaí foirceanta níos airde ná na huasrátaí foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna nó sa chás nach ndéantar rialáil ar na rátaí foirceanta sin i gcomhréir le prionsabail chost-éifeachtúla atá coibhéseach leo siúd a leagtar amach in Airteagal 75 agus in Iarscríbhinn III den Chód.
- (11) Is dócháil go mbeadh sé de thoradh ag meascán de rátaí foirceanta ísle rialaithe a thionscnaítear ó uimhreacha tríú tír agus a fhoirceannantar chuig uimhreacha Aontais agus rátaí foirceanta arda agus neamh-chost-éifeachtúla i gcomhair glaonna chuig uimhreacha tríú tír go mbeadh rátaí foirceanta níos airde ann do ghlaonna a thionscnofaí ó uimhreacha Aontais agus a fhoirceannfaí chuig uimhreacha tríú tír, rud a d'imreodh tionchar diúltach ar tharaifí miondíola san Aontais agus ar struchtúr costais oibreoírí an Aontais. Dá mbeadh céimeanna difriúla nochta ag oibreoírí Aontais le glaonna foirceanta ag oibreoírí tríú tír mar sin a ghearrann rátaí arda agus rátaí neamh-chost-éifeachtúla, bheadh éagothroime i struchtúir chostais oibreoírí an Aontais mar gheall ar thosca taobh amuigh de rialú na n-oibreoírí féin. Is dócháil go gcoiscfeadh sé sin teacht chun cinn tairiscintí miondíola uile-Eorpacha ar a n-áirítear glaonna chuig uimhreacha tríú tír áirithe, de bharr rátaí foirceanta níos airde do ghlaonna chuig na tíortha

sin, a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar thomhaltóirí agus gnólachtaí go háirithe san Aontas. Thairis sin, shaobhódh sé iomaíocht mar go mbeadh coinníollacha iomaíocha difriúla roimh oibreoirí difriúla Aontais, a shaobhódh cumas agus dreasachtaí infheistíochta freisin ar fud an Aontais (i dtaobh infheistíocht in oibreoirí agus ag oibreoirí), mar gheall ar an tionchar neamhshiméadrach a bheadh ag an nochtadh do rátaí foirceanta arda i gcomhair glaonna chuig uimhreacha tríú tír. Bheadh na tionchair sin ar fad in aghaidh chuspóirí an Rialacháin seo, a bhfuil sé i gceist leo comhtháthú an mhargaidh aonair a chur chun cinn trí shaobhadh a bhaint idir oibreoirí mar gheall ar rátaí foirceanta tabhaithe i bhfad os cionn an chostais.

- (12) Agus é mar aidhm uasrátaí foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna a chur i bhfeidhm ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus chun eisiámh glaonna a thionscnaítear ó uimhreacha tríú tír a theorannú chuig an méid a bhfuil fíorghá leo lena áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an mhargaidh inmheánaigh agus chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart go mbeadh feidhm ag na rátaí arna leagan amach ag an Rialachán seo ar ghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha tríú tír agus a fhoirceanntar chuig uimhreacha Aontais i gcás ina bhfuil na rátaí foirceanta arna gcur i bhfeidhm ag soláthraithe tríú tír seirbhísí foirceanta guthghlaonna ar ghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha Aontais ag leibhéal cothrom leis na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna arna leagan amach ag an Rialachán seo nó faoi na rátaí sin. I rith na hidirthrímhse do rátaí foirceanta guthghlaonna seasta in 2021 agus i rith na conaire eitile do rátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste (ó 2021 go 2023), is iad na huasrátaí foirceanta soghluaiste ábhartha a spreagfaidh an sásra seo iad siúd arna leagan amach i míreanna 2 go 5 d'Airteagal 4 den Rialachán. Is iad na huasrátaí foirceanta seasta ábhartha a spreagfaidh an sásra seo in 2021 iad siúd a leagtar amach in Airteagal 5(2) den Rialachán Tarmligthe. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna san Aontas na rátaí sin a chur i bhfeidhm ar bhonn na rátaí arna gcur i bhfeidhm nó arna moladh ag soláthraithe seirbhísí foirceanta guthghlaonna i dtríú tíortha.
- (13) Ós rud é nach mbeidh soláthraithe seirbhísí foirceanta guthghlaonna an Aontais in ann fios a bheith acu i gcónaí faoi leibhéal an ráta foirceanta a chuireann oibreoirí tríú tír i bhfeidhm, ba cheart gurb é an t-oibreoir sa tríú tír a chuirfeadh faisnéis infhíoraithe ar fáil chun leibhéal an ráta foirceanta a chuirtear ar fáil a chruthú. I gcás ina n-athdhíolann soláthraithe idirthurais (nó idirghabhálaithe eile) seirbhísí foirceanta le hoibreoirí Aontais, ba é an ráta foirceanta a chuirfí i bhfeidhm nó a thairgfeadh na soláthraithe idirthurais sin an ceann ábhartha lena chinneadh an bhfuil sé cothrom leis na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna arna mbunú leis an Rialachán seo nó níos ísle.
- (14) Nuair a ghearrann oibreoirí tríú tír rátaí ar ghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha Aontais agus a fhoirceanntar chuig uimhreacha tríú tír atá níos airde ná rátaí foirceanta uile-Aontais, ba cheart go gcuirfí i bhfeidhm freisin na rátaí arna leagan amach ag an Rialachán seo do ghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha tríú tír agus a fhoirceanntar chuig uimhreacha Aontais, i gcás ina gcinneann an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuireann na tríú tíortha sin ar fáil don Choimisiún, go bhfuil rialáil na rátaí foirceanta sna tíortha sin bunaithe ar phrionsabail coibhéseach leo siúd arna leagan amach in Airteagal 75 de Threoir (AE) 2018/1972 agus Iarscríbhinn III leis sin. Ba cheart an liosta tríú tíortha a shásaíonn na ceanglais sin a áireamh sa Rialachán seo ina dhiaidh sin agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta go cuí.
- (15) Mar gheall go sainíonn túsphointe an ghlaio cibé an bhfuil feidhm ag rátaí foirceanta uile-Aontais nó nach bhfuil, tá sé rithábachtach go mbeadh oibreoirí Aontais in ann tír thionscnaimh an ghlaioiteora a shainaithint. Chun na críche sin, féadfaidh oibreoirí brath ar an gcód tíre laistigh den aitheantas glaoiteora (CLI). D'fhonn a áirithiú go gcuirtear an Rialachán chun feidhme i gceart, ba cheart go bhfaigheadh oibreoirí Aontais CLI bailí sannta do gach glao isteach. Dá réir sin, ní bheadh ceangal ar oibreoirí Aontais chun rátaí foirceanta uile-Aontais a chur chun feidhme ar fhoirceannadh glaonna dá mbeadh CLI ar lár, neamhbhailí nó calaíseach.
- (16) D'fhonn meastachán a dhéanamh ar chostas éifeachtach guthghlaio a fhoirceannadh ar líonra soghluaiste nó seasta hipitéiseach san Aontas i gcomhréir leis na prionsabail arna leagan amach in Airteagal 75(1) de Threoir (AE) 2018/1972 agus Iarscríbhinn III leis sin, forbraíodh dhá shamhail chostais, eadhon d'fhoirceannadh soghluaiste agus seasta, agus costais i ngach Ballstát á gcur san áireamh.
- (17) Bunaithe ar an aiseolas ar chostais i ngach Ballstát a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin, cuireadh na samhlacha costais i gcrích do líonraí soghluaiste agus seasta araon. De bhun Iarscríbhinn III le Treoir (AE) 2018/1972, sheachaid na samhlacha costais rátaí ar bhonn aisghabháil na gcostas a thabhaigh oibreoir éifeachtach. Dá bhrí sin, níl na rátaí bunaithe ach ar na costais incriminteacha a bhaineann le seirbhís foirceanta guthghlaonna mórdhiola a sholáthar, i.e. na costais sin amháin a bhaineann le trácht, a ndéanfaí iad a sheachaint in éagmais seirbhís foirceanta guthghlaonna mórdhiola.

- (18) Bunaíodh na huasrátaí aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus seasta mar thagairt don chostas éifeachtach sa tír is airde costas de réir na samhlacha costais a coimisiúnaíodh, ag áirithiú dá bhrí sin phrionsabal na haisghabhála costais ar fud an Aontais, agus ina dhiaidh sin ag cur mion-raon difríochta sábháilteachta leis chun cuntas a ghlacadh do mhíchruinnis fhéideartha sna samhlacha costais.
- (19) Ba cheart go dtosódh feidhm na n-uasrátaí foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna arna mbunú leis an Rialachán seo 2 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm, d'fhonn a áirithiú go mbíonn an t-am riachtanach ag oibreoirí chun a gcuid faisnéise, sonrastha agus córais chuntasaíochta a choigeartú, agus na hathruithe riachtanacha a dhéanamh ar na comhaontuithe idirnáisc.
- (20) I gcás ina mbíonn na meánrátaí foirceanta guthghlaonna reatha san Aontas i bhfad níos airde ná na rátaí atá le cur i bhfeidhm sa todhchaí, i.e. na huasrátaí foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna mar a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart conair eilte, ar cleachtas rialála comhchoiteann é, a chur i bhfeidhm. Sna cásanna sin, ba cheart gur uirlis éifeachtach a bheadh sa chonair eilte chun cur i bhfeidhm na rátaí níos ísle a dhéanamh níos réidhe i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.
- (21) Ag cur meánrátaí foirceanta reatha do ghuthghlaonna ar fud na mBallstát san áireamh, ba cheart conair eilte a cheapadh chun an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste a shroicheadh. D'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir cur chun feidhme tapa agus an gá le suaitheadh suntasach d'oibreoirí a sheachaint, ba cheart go dtosódh an chonair eilte ag leibhéal gar do na meánrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste reatha agus teacht anuas go bliantúil thar thréimhse 3 bliana sula sroichfidh sé an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste in 2024.
- (22) Dá bhrí sin, bunaítear conair eilte 3 bliana leis an Rialachán seo, ag sroicheadh uasráta foirceanta aonair uile-Aontais cost-éifeachtúil do ghuthghlaonna soghluaiste in 2024. Níor cheart go mbeadh gá le hidirthréimhse i gcás soláthraithe sna Ballstáit a chuireann rátaí i bhfeidhm os cionn na n-uasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste aonair uile-Aontais do 2021, fad a chomhlíonann an chonair eilte an cuspóir chun tionchar chur i bhfeidhm an uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste a éascú.
- (23) I roinnt Ballstát tá uasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste rialaithe reatha faoi bhun na rátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste a leagadh amach do 2021, 2022 agus 2023 de thoradh na conaire eilte, agus gar don uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste. D'fhonn méaduithe féideartha i bpraghsanna miondíola a sheachaint sna Ballstáit sin, mar thoradh ar mhéadú sealadach ar rátaí foirceanta soghluaiste rialaithe, ba cheart go mbeadh sé indéanta leanúint le cur i bhfeidhm na rátaí foirceanta do ghuthghlaonna rialaithe reatha sna Ballstáit sin go dtí an bhliain a bhíonn an t-uasráta foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste a leagtar amach sa Rialachán seo don bhliain sin ag leibhéal atá cothrom nó níos ísle ná rátaí foirceanta reatha na mBallstát sin don bhliain sin.
- (24) Ó tharla go bhfuil an difríocht idir meán na rátaí foirceanta seasta agus an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta mar a leagtar amach sa Rialachán seo níos lú ná an difríocht idir na rátaí foirceanta soghluaiste, níor cheart go mbeadh gá le conair eilte i gcás foirceannadh guthghlaonna seasta. Ach, ba cheart go mbeadh sé iomchuí idirthréimhse a dheonú do Bhallstáit áirithe chun aistriú réidh chuig an uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a áirithiú agus aon mhoill gan ghá lena chur i bhfeidhm a sheachaint.
- (25) Bunaithe ar na rátaí foirceanta seasta reatha i mBallstáit áirithe agus leibhéal an uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta mar a leagtar amach sa Rialachán seo, tá bunús le hidirthréimhse a dheonú do roinnt Ballstát. Ba cheart go dtosódh an idirthréimhse ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm agus ba cheart go dtiocfadh deireadh leis an 31 Nollaig 2021. I rith na hidirthréimhse, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag rátaí sonracha, difriúil leis an uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta, sna Ballstáit lena mbaineann.
- (26) Sna Ballstáit sin ina bhfuil rátaí foirceanta seasta reatha i bhfad níos airde ná an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta, tá bunús le hidirthréimhse a dheonú chun coigeartú de réir a chéile ar na rátaí sin a chheadú. I ngach Ballstát seachas péire i gcás ina bhfuil na rátaí foirceanta do ghuthghlaonna seasta reatha os cionn EUR 0,0875 cent (an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta móide 25 %), ba cheart go mbeadh an t-uasráta foirceanta do ghuthghlaonna seasta in 2021 cothrom lena rátaí reatha arna laghdú faoi 20 %.

Sa Pholainn agus san Fhionlainn, nach bhfuil na prionsabail arna leagan amach i Moladh 2009/396/CE ón gCoimisiún ^(?) á leanúint acu go fóill agus a bhfuil uasrátaí foirceanta seasta an-ard acu faoi láthair, ní bheadh laghdú 20 % ina chéim leordhóthanach i dtreo an uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh a ráta don idirthréimhse cothrom le ráta an Bhallstáit leis an ráta is airde i rith na hidirthréimhse, seachas an dá Bhallstát sin. Do na Ballstáit eile ina bhfuil rátaí foirceanta seasta reatha faoin uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta, nó i gcás ina dtabharfadh laghdú 20 % chuig an uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta nó faoin ráta sin iad, níor cheart aon idirthréimhse a bhunú.

- (27) Chuathas i gcomhairle le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) 2018/1972 agus thug sé a thuairim uaidh an 15 Deireadh Fómhair 2020.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leagtar amach sa Rialachán seo uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta, le gearradh ag soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna i gcomhair soláthar seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste agus seasta.
2. Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí na n-údarás rialála náisiúnta faoi Airteagail 64(3), 67 agus 68 de Threoir (AE) 2018/1972.
3. Beidh feidhm ag Airteagail 4 agus 5 ar ghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha Aontais agus a fhoirceanntar chuig uimhreacha Aontais.
4. Beidh feidhm ag Airteagail 4 agus 5 freisin ar ghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha tríú tír agus a fhoirceanntar chuig uimhreacha Aontais i gcás ina sásaítear ceann den dá choinníoll seo a leanas:
 - (a) i gcás ina mbaineann soláthraí seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna i dtríú tír le glaonna a thionscnaítear ó uimhreacha Aontais, rátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste nó seasta cothrom le nó níos ísle ná na huasrátaí foirceanta a leagtar amach in Airteagail 4 nó 5 faoi seach d'fhoirceannadh soghluaiste nó seasta, do gach bliain agus gach Ballstát, ar bhonn na rátaí arna gcur i bhfeidhm nó arna moladh ag soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna i dtríú tíortha chuig soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna san Aontas; nó
 - (b) nuair:
 - i. a chinneann an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a chuireann tríú tír ar fáil, go rialaítear rátaí foirceanta do ghuthghlaonna a thionscnaítear ó uimhreacha Aontais agus a fhoirceanntar chuig uimhreacha an tríú tír sin i gcomhréir le prionsabail atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach in Airteagal 75 de Threoir (AE) 2018/1972 agus Iarscríbhinn III leis sin; agus
 - ii. a liostaítear an tríú tír sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
5. Tuigfeair Airteagail 4 agus 5 mar tháillí in aghaidh an nóiméid (gan CBL) agus gearrfar ar bhonn in aghaidh an tsoicind iad.

Airteagal 2

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “seirbhís foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste” an tseirbhís mhórdhíola a theastaíonn chun glaonna chuig uimhreacha soghluaiste a fhoirceannadh a bhfuil saoráidí uimhreacha sannta dóibh go poiblí, eadhon uimhreacha ó phleananna uimhreacha náisiúnta, arna gcur ar fáil ag oibreoirí a bhfuil sé de chumas acu foirceannadh a rialú agus rátaí foirceanta do ghlaonna chuig uimhreacha den chineál sin a shocrú, i gcás ina bhfuil idirnasc le líonra amháin ar a laghad, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n-áirítear poirt idirnáisc;

^(?) Moladh 2009/396/CE ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2009 maidir le Cóireáil Rialála Rátaí Foirceanta Seasta agus Soghluaiste san Aontas (IO L 124, 20.5.2009, lch. 67).

- (b) ciallaíonn “seirbhís foirceanta do ghuthghlaonna seasta” an tseirbhís mhórdhíola a theastaíonn chun glaonna chuig uimhreacha tíreolaíocha agus neamh-thíreolaíocha a úsáidtear i gcomhair seirbhísí fánaíochta seasta agus chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála, a bhfuil saoráidí uimhreacha sannta dóibh go poiblí, eadhon uimhreacha ó phleananna uimhreacha náisiúnta, arna gcur ar fáil ag oibreoirí a bhfuil sé de chumas acu foirceannadh a rialú agus rátaí foirceanta do ghlaonna chuig uimhreacha den chineál sin a shocrú, i gcás go bhfuil idirnasc le líonra amháin ar a laghad, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n-áirítear poirt idirnáisc;
- (c) Ciallaíonn “uimhir Aontais” uimhir ó phleananna uimhreacha náisiúnta a chomhfhreagraíonn do chóid tíre E.164 do limistéir gheografacha a bhaineann le críoch an Aontais.

Airteagal 3

1. Ní ghearrfaidh soláthraí seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste nó seasta aon ráta níos airde ná an t-uasráta foirceanta do ghuthghlaonna ábhartha don tseirbhís foirceanta guthghlao don úsáideoir deiridh nó ar a líonra dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5.
2. I gcás ina bhfuil rátaí foirceanta do ghuthghlaonna reatha socraithe in airgeadra seachas an euro, tiontófar na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste agus seasta faoi Airteagail 4(1), 4(2), 4(4), 4(5) agus 5(1) chuig an airgeadra náisiúnta trí chur i bhfeidhm mheán na rátaí malairte tagartha arna bhfoilsíú an 1 Eanáir, an 1 Feabhra agus an 1 Márta 2021 ag an mBanc Ceannais Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
3. Déanfar athbhreithniú go bliantúil ar na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste agus seasta a ainmnítear in airgeadra seachas an euro agus tabharfar cothrom le dáta iad faoin 1 Eanáir gach bliain, leis an meán is deireanaí den ráta malairte tagartha arna bhfoilsíú an 1 Meán Fómhair, an 1 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain ag an mBanc Ceannais Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

1. Is ionann an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus EUR 0,2 cent in aghaidh an nóiméid.
2. De mhaolú ó mhír 1, féadfaidh soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- (a) ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021, i mBallstáit seachas iad siúd arna lua i mír 3: EUR 0,7 cent in aghaidh an nóiméid;
- (b) ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, i mBallstáit seachas iad siúd arna lua i mír 4: EUR 0,55 cent in aghaidh an nóiméid;
- (c) ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, i mBallstáit seachas iad siúd arna lua i mír 5: EUR 0,4 cent in aghaidh an nóiméid.
3. De mhaolú ó mhír 1, ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021, féadfaidh soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste seo a leanas a chur i bhfeidhm sna Ballstáit seo a leanas:
- (a) HRK 0,045 in aghaidh an nóiméid sa Chróit;
- (b) EUR 0,20 cent in aghaidh an nóiméid sa Chipir;
- (c) DKK 0,0385 in aghaidh an nóiméid sa Danmhairg;
- (d) EUR 0,622 cent in aghaidh an nóiméid sa Ghréig;
- (e) HUF 1,71 in aghaidh an nóiméid san Ungáir;
- (f) EUR 0,43 cent in aghaidh an nóiméid in Éirinn;
- (g) EUR 0,67 cent in aghaidh an nóiméid san Iodáil;
- (h) EUR 0,4045 cent in aghaidh an nóiméid i Málta;
- (i) EUR 0,581 cent in aghaidh an nóiméid san Ísiltír;
- (j) EUR 0,36 cent in aghaidh an nóiméid sa Phortaingéil;
- (k) EUR 0,64 cent in aghaidh an nóiméid sa Spáinn;
- (l) SEK 0,0216 in aghaidh an nóiméid sa tSualainn.

4. De mhaolú ó mhír 1, ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, féadfaidh soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste seo a leanas a chur i bhfeidhm sna Ballstáit seo a leanas:

- (a) EUR 0,20 cent in aghaidh an nóiméid sa Chipir;
- (b) EUR 0,52 cent in aghaidh an nóiméid sa Danmhairg;
- (c) EUR 0,47 cent in aghaidh an nóiméid san Ungáir;
- (d) EUR 0,43 cent in aghaidh an nóiméid in Éirinn;
- (e) EUR 0,40 cent in aghaidh an nóiméid i Málta;
- (f) EUR 0,36 cent in aghaidh an nóiméid sa Phortaingéil;
- (g) EUR 0,21 cent in aghaidh an nóiméid sa tSualainn.

5. De mhaolú ó mhír 1, ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, féadfaidh soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste na huasrátaí foirceanta do ghuthghlaonna soghluaiste seo a leanas a chur i bhfeidhm sna Ballstáit seo a leanas:

- (a) EUR 0,20 cent in aghaidh an nóiméid sa Chipir;
- (b) EUR 0,36 cent in aghaidh an nóiméid sa Phortaingéil;
- (c) EUR 0,21 cent in aghaidh an nóiméid sa tSualainn.

Airteagal 5

1. Is ionann an t-uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta agus EUR 0,07 in aghaidh an nóiméid.

2. De mhaolú ó mhír 1, ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021, féadfaidh soláthraithe seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna seasta na huasrátaí i gcomhair seirbhísí foirceanta do ghuthghlaonna seasta seo a leanas a chur i bhfeidhm sna Ballstáit seo a leanas:

- (a) EUR 0,089 cent in aghaidh an nóiméid san Ostair;
- (b) EUR 0,093 cent in aghaidh an nóiméid sa Bheilg;
- (c) HRK 0,0057 in aghaidh an nóiméid sa Chróit;
- (d) CZK 0,0264 in aghaidh an nóiméid sa tSeicia;
- (e) EUR 0,111 cent in aghaidh an nóiméid san Fhionlainn;
- (f) EUR 0,076 cent in aghaidh an nóiméid sa Laitvia;
- (g) EUR 0,072 cent in aghaidh an nóiméid sa Liotuáin;
- (h) EUR 0,110 cent in aghaidh an nóiméid i Lucsamburg;
- (i) EUR 0,111 cent in aghaidh an nóiméid san Ísiltír;
- (j) PLN 0,005 in aghaidh an nóiméid sa Pholainn;
- (k) EUR 0,078 cent in aghaidh an nóiméid sa Rómáin;
- (l) EUR 0,078 cent in aghaidh an nóiméid sa tSlóvaic.

Airteagal 6

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN***Liosta tríú tíortha de bhun Airteagal 1(4)(b) den Rialachán seo:**

1.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/655 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 liostaítear comhlachtaí poiblí, corparáidí agus gníomhaireachtaí agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, comhlachtaí agus eintitis de chuid rialtas na hIaráice a bhí ann roimhe sin, ar comhlachtaí agus eintitis iad a chumhdaítear le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha a bhí lonnaithe lasmuigh den Iaráic an 22 Bealtaine 2003 faoin Rialachán sin.
- (2) An 15 Aibreán 2021, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sé eintiteas a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

⁽¹⁾ IO L 169, 8.7.2003, lch. 6.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

- “41. GENERAL ESTABLISHMENT FOR BAKERIES AND OVENS (alias GENERAL ESTABLISHMENT OF BAKERIES AND OVENS). Seoltaí: (a) Al Nidhal Street, near Saddoun Park, P.O. Box 109, Baghdad, Iraq; (b) Milla, Iraq; (c) Basrah, Iraq; (d) Kerbala, Iraq; (e) Diwaniya, Iraq; (f) Najaf, Iraq; (g) Mosul, Iraq; (h) Arbil, Iraq; (i) Kirkuk, Iraq; (j) Nasiriya, Iraq; (j) Samawa, Iraq; (k) Baquba, Iraq; (m) Amara, Iraq; (n) Sulaimaniya, Iraq; (o) Dohuk, Iraq.”
- “43. GENERAL ESTABLISHMENT FOR FLOUR MILLS (alias STATE ENTERPRISE OF FLOUR MILLS). Seoltaí: (a) P.O. Box 170, entrance to Hurriyah City, Baghdad, Iraq; (b) P.O. Box 17011, entrance of Huriah City, Baghdad, Iraq.”
- “68. IRAQI STATE EXPORT ORGANISATION. Seoladh: P.O. Box 5670, Sadoon Street, Baghdad, Iraq.”
- “69. IRAQI STATE IMPORT ORGANISATION (alias IRAQI STATE ORGANISATION OF IMPORTS). Seoladh: P.O. Box 5642, Al Masbah, Hay Babile Area, 29 Street 16 Building no. 5, Baghdad, Iraq.”
- “196. STATE TRADING ENTERPRISE FOR EQUIPMENT AND HAND TOOLS. Seoltaí: (a) Khalid Al Bin Al Waleed St., P.O. Box 414, Baghdad, Iraq; (b) Camp Sarah, New Baghdad St., Baghdad, Iraq.”
- “197. STATE TRADING ENTERPRISE FOR MACHINERY. Seoladh: P.O. Box 2218, Camp Sarah, Baghdad, Iraq.”
-

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/656 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Aibreán 2021**

lena gcláraítear ainm i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (“Slovenska potica” (STR))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 52(3)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 50(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, an t-iarratas ón tSlóivéin ar an ainm “Slovenska potica” a chlárú mar Shainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR), is iarratas é a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) An 29 Meitheamh 2020, fuair an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe gaolmhar ón Ostair. Rinne an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe ón Ostair a chur ar aghaidh chuig an tSlóivéin an 3 Iúil 2020.
- (3) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an gcur i gcoinne a rinne an Ostair agus chinn sé go raibh sé inghlactha. Leis an gcur i gcoinne maítear go bhfuil an t-ainm “Potize”/“Putize” fós in úsáid san Ostair le haghaidh táirgí comhchosúla a dhéantar san Ostair agus gur dleathach an t-ainm a úsáid agus gur ainm é atá aitheanta leis na glúine. Thairis sin, áitítear go bhfuil tábhacht mhór eacnamaíoch ag baint le táirgeadh “Potize”/“Putize” san Ostair, go háirithe i gcás na gcuideachtaí, atá lonnaithe i ndeisceart na hOstaire, a bhíonn á tháirgeadh. Dá bhrí sin, i dtaca leis an iarratas an t-ainm sin a fhorchoimeád go heisiach do tháirgí a bhfuil an t-ainm sin orthu agus a dhéantar sa tSlóivéin (i gcomhréir le traidisiún na Slóivéine), measann an Ostair nach mór diúltú don iarratas sin. I gcás ar bith, measann an Ostair nach mór a áirithiú go mbeifear fós in ann “Potize” nó “Putize” a tháirgeadh agus an t-ainm a úsáid, ainm atá in úsáid leis na blianta fada san Ostair le haghaidh táirge a dhéantar i gcomhréir le traidisiún na hOstaire. Go hachomair, leis an gcur i gcoinne maítear gur dleathach an t-ainm atá beartaithe a chlárú, go bhfuil cáil air agus go bhfuil sé suntasach ó thaobh an gheilleagair de i gcás táirgí talmhaíochta nó bia-earraí comhchosúla i gcomhréir le pointe (b) d’Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- (4) Le litir dar dáta an 28 Iúil 2020, d’iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúcháin iomchuí chun teacht ar chomhaontú eatarthu féin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.
- (5) Tháinig an tSlóivéin agus an Ostair ar chomhaontú, a cuireadh in iúl don Choimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2020, laistigh den sprioc-am a leagadh síos.
- (6) Chomhaontaigh an tSlóivéin agus an Ostair nach ndéantar an t-ainm “Slovenska potica” a mhí-úsáid, a aithris ná a thabhairt chun cuimhne mar Shainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR) na téarmaí “Potize” agus “Putize” a úsáid.
- (7) Thairis sin, d’aontaigh siad gur dlisteanach iad na hainmneacha ‘Slovenska potica’ ar thaobh, agus “Potize” agus “Putize” ar an taobh eile. Dheimhnigh an tSlóivéin nach ndéanfaí dochar do cheart tháirgeoirí na hOstaire, le clárú “Slovenska potica” mar Shainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR), na téarmaí “Potize” agus “Putize” a úsáid. Mar sin féin, ní úsáidfidh tháirgeoirí na hOstaire aon eilimint den phacáistíocht lena dtagraítear don tSlóivéin, e.g. bratacha, dathanna etc.

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 110, 2.4.2020, lch. 12.

- (8) Is féidir a thuiscint as an gcomhaontú gur aithin an tSlóivéin an ceart atá ag táirgeoirí na hOstaire leanúint de na hainmneacha “Potize” agus “Putize” a úsáid agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé i gceist an téarma “potica” a chosaint, téarma atá mar chuid den ainm cumaisc “Slovenska potica” a bhfuil an chosaint á lorg ina leith. Mar thoradh air sin, ba cheart an t-ainm “Slovenska potica” a chosaint ina iomláine, ach ba cheart a bheith in ann an téarma “Potica” a úsáid fós i gcás táirgí nach gcomhlíonann sonraíocht táirge “Slovenska potica” laistigh de chríoch an Aontais ar choinníoll go n-urramaítear na prionsabail agus na rialacha is infheidhme ina dhlíchóras.
- (9) Leis an gcomhaontú idir an tSlóivéin agus an Ostair, ní gá leasú a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 50(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- (10) Dá réir sin, ba cheart an t-ainm “Slovenska potica” a iontráil i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm ‘Slovenska potica’ (STR) cláraithe.

Leis an ainm sa chéad mhír sainaitnítear táirge ó Aicme 2.3. Arán, taosrán, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí báicéara eile a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

Airteagal 2

Féadfar an t-ainm “Potica” a úsáid fós i gcás táirgí nach gcomhlíonann sonraíocht táirge “Slovenska potica” laistigh de chríoch an Aontais ar choinníoll go n-urramaítear na prionsabail agus na rialacha is infheidhme ina dhlíchóras.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/657 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Aibreán 2021

lena gcláraítear ainm sa chláir um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint “Cașcaval de Săveni” (TGFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 52(3)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas a thólaic an Rómáin ar chláirú an ainm “Cașcaval de Săveni” mar thásca geografach faoi chosaint (TGFC) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) An 30 Márta 2020, fuair an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe lena mbaineann ón mBulgáir. Chuir an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe a sheol an Bhulgáir ar aghaidh chuig an Rómáin an 2 Aibreán 2020.
- (3) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfreasúra a sheol an Bhulgáir agus chinn sé an freasúra a bheith inghlactha. An focal “кашквал”, a cuireadh i láthair i ráiteas na Bulgáire mar thras-scríbhinní “kashkaval” nó “kaschaval”, tá sé comhainmneach leis an ainm “cașcaval”, ar cuid é den ainm comhshuite “Cașcaval de Săveni”. Is éard atá sa téarma “кашквал” an t-ainm a úsáidtear sa Bhulgáir le haghaidh táirgí bainne bunúsacha a tháirgtear agus a mhargaítear ar scála tráchtála sa Bhulgáir. Maíodh sa ráiteas freasúra go ndéanfadh clárú an ainm a mholtar dochar don ainm “кашквал” nó do thrádmharcanna lena n-áirítear an téarma “кашквал” agus do tháirgí atá ar mhargadh na Bulgáire go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilseacháin an iarratais maidir leis an ainm “Cașcaval de Săveni” a chláirú.
- (4) Le litir dar dáta an 28 Bealtaine 2020, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúchán iomchuí chun teacht ar chomhaontú eatarthu féin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.
- (5) Tháinig an Rómáin agus an Bhulgáir ar chomhaontú, ar thug an Rómáin fógra don Choimisiún ina leith an 28 Lúnasa 2020, faoin spriocdháta a leagadh síos.
- (6) Chinn an Rómáin agus an Bhulgáir nár cheart go mbeadh clárú an ainm “Cașcaval de Săveni” sa chláir um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint díobhálach d'aon iarratas a dhéanfadh an Bhulgáir amach anseo ar chláirú ainm comhshuite lena n-áirítear an téarma “кашквал” laistigh de chreat scéimeanna cáilíochta an Aontais Eorpaigh.
- (7) Ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus le reachtaíocht an Aontais, ba cheart inneachar an chomhaontaithe a thug an Rómáin agus an Bhulgáir i gcrích a chur san áireamh.
- (8) An 8 Aibreán 2020, fuair an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe lena mbaineann ón nGréig. Chuir an Coimisiún an fógra freasúra ar aghaidh chuig an Rómáin an 16 Aibreán 2020.
- (9) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfreasúra a sheol an Ghréig agus chinn sé an freasúra a bheith inghlactha. Maíodh sa fhreasúra go ndéanfadh clárú an ainm a mholtar dochar d'ainm nó do thrádmharc atá comhionann go hiomlán nó i bpáirt nó do tháirgí atá ar mhargadh na Gréige go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilseacháin an iarratais maidir leis an ainm “Cașcaval de Săveni” a chláirú.

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 15, 16.1.2020, lch. 5.

- (10) Le litir dar dáta an 2 Meitheamh 2020, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúchán iomchúí chun teacht ar chomhaontú eatarthu féin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.
- (11) An 28 Lúnasa 2020 chuir an Rómáin iarraidh isteach i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le síneadh a chur leis an spriocdháta i dtaca leis na comhairliúcháin leis an nGréig sa nós imeachta freasúra a bhaineann leis an iarratas a luaitear thuas agus dheonaigh an Coimisiún an iarraidh sin.
- (12) Tháinig an Rómáin agus an Ghréig ar chomhaontú, ar thug an Rómáin fógra don Choimisiún ina leith an 27 Samhain 2020, faoin spriocdháta fadaithe a leagadh síos.
- (13) Chomhaontaigh an Rómáin agus an Ghréig nár cheart ach an t-ainm comhshuite “Cașcaval de Săveni” ina iomláine a chumhdach faoi chosaint an tsonrúcháin “Cașcaval de Săveni” agus ní an t-ainm aonair “cașcaval”. Thairis sin, chinn siad gur cheart an raon feidhme maidir le húsáid leantach an téarma “cașcaval” a shoiléiriú leis an Rialachán lena gcláraítear an t-ainm “Cașcaval de Săveni” sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint.
- (14) Ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus le reachtaíocht an Aontais, ba cheart inneachar an chomhaontaithe a thug an Rómáin agus an Ghréig i gcrích a chur san áireamh.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm “Cașcaval de Săveni” (TGFC) a chosaint ina iomláine, ach féadfar leanúint den téarma “cașcaval” a úsáid i lipéadú agus cur i láthair ar chríoch an Aontais, ar choinníoll go ndéantar na prionsabail agus na rialacha is infheidhme i ndlíchóras an Aontais a urramú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm “Cașcaval de Săveni”(TGFC) cláraithe anois.

Leis an ainm sa chéad fhomhír, sainaitnítear táirge as Aicme 1.3. “Cáiseanna” a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

Airteagal 2

Dá bhrí sin, féadfar leanúint den téarma “cașcaval” a úsáid i lipéadú agus cur i láthair ar chríoch an Aontais, ar choinníoll go ndéantar na prionsabail agus na rialacha is infheidhme i ndlíchóras an Aontais a urramú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
 Ursula VON DER LEYEN

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/658 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Aibreán 2021

**maidir le húdarú bláthola ó *Origanum vulgare* L subsp. *hirtum* (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001)
mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin atá le húsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán atá le húsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 4(1) den Rialachán sin foráiltear maidir le húdarú na mbreiseán
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas go n-údarófaí bláthola ó *Origanum vulgare* L subsp. *hirtum* (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir breiseán dar teideal "breiseáin chéadfacha". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) I dtuairimí an 29 Samhain 2017 ⁽²⁾ agus an 4 Iúil 2019 ⁽³⁾ ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás"), is é an chonclúid ar ar thángthas nach bhfuil éifeacht dhíobhálach ag an mbláthola ó *Origanum vulgare* L subsp. *hirtum* (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001), nach bhfuil éifeacht dhíobhálach aige ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid go meastar gur féidir gur greannaitheoir craicinn agus súl a bheadh sa bhreiseán agus gur greannaitheoir riospráide agus craicinn a bheadh ann i gcás daoine soghabhálacha. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. Ina theannta sin d'fhíoraigh an Coimisiún an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar na breiseáin bheathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) Leagtar síos in Airteagal 5(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 nach bhféadfar breiseáin a chur i láthair ar bhealach a d'fhéadfadh an t-úsáideoir a chur amú. Baineann sé sin go háirithe le cur i láthair éifeachtaí breiseáin, agus an chatagóir agus an grúpa dá bhfuil sé údaraithe á gcur san áireamh. Tá roinnt comhpháirteanna sa bhreiseán lena mbaineann amhail carbhacróil agus tíomól ar léiríodh éifeachtaí zóiteicniúla a bheith acu i mbreiseáin áirithe atá údaraithe cheana féin. Ionas nach sárófár an leibhéal úsáide atá beartaithe, mar atá 150 mg/kg d'ábhar beatha iomlán, sárú ba chúis le héifeacht nach bhfuil an breiseán seo údaraithe ina leith, is gá uaschainníocht a shocrú mar choinníoll maidir leis an mbreiseán a úsáid in ábhar beatha.
- (6) Léirítear leis an measúnú ar an tsubstaint sin go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid bláthola ó *Origanum vulgare* L subsp. *hirtum* (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001) a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Iris EPSA 2017;15(12):5095.

⁽³⁾ Iris EPSA 2019;17(7):5794.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsbaint a shonraítear san Iarscríbhinn, sbaint a bhaineann leis an gcatagóir breiseán dar teideal “breiseán chéadfacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa dar teideal “comhdhúile blaitithe”, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha.**Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe**

2b317eo	-	Bláthola ó <i>Origanum vulgare</i> L subsp. <i>hirtum</i> , (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001)	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i></p> <p>Bláthola ó <i>Origanum vulgare</i> L subsp. <i>hirtum</i>, (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001).</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i></p> <p>Bláthola mar atá sainmhínithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾</p> <p>— 60-65 % carbhacróil; — 1-3 % tíomól — 4-9 % γ-teirpinéin — 5-10 % p-ciméin — < 5 % líonaló-ól — 2-5 % β caraifiléin — < 1,5 % α-teirpinéin — < 2 % teirpinéin-4-ól — 0,3 – 1,0 % <i>trans</i> hiodráit saibinéin</p> <p>CoE No.:317 Uimhir CAS: 336185-21-8 FEMA: 2660</p> <p><i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾</p> <p>Chun na príomh-chomhábhair a shainaithint agus chun an marcóir fíiceimiceach (carbhacróil) sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú:</p>	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	150	<ol style="list-style-type: none"> Déanfar an breiseán a ionchorprú in ábhar beatha i bhfoirm réamh-mheascáin. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus cobhsaíochta a shonrú. Maidir le bláthola ó <i>Origanum vulgare</i> L subsp. <i>hirtum</i> (Link) letsw. Var. Vulkan (DOS 00001) a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó <i>Origanum vulgare</i> L, ní cheadófar sin in ábhar beathaithe. Ar mhaithe le úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanáilú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil súl. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis 	12 Bealtaine 2031
---------	---	---	--	-------------------------	---	---	-----	--	-------------------

			<ul style="list-style-type: none"> — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le mais-speictriméadracht agus brath ianúcháin lasrach (GC-MS agus GC-FID) <p>Chun bláthola oragáin i réamh-mheascáin a chinneadh:</p> <ul style="list-style-type: none"> — driogadh gal-uisce mar aon le crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le mais-speictriméadracht agus brath ianúcháin lasrach (GC-MS agus GC-FID) 					<p>na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní.</p>	
--	--	--	---	--	--	--	--	--	--

(¹) Foinsí nádúrtha bhlastán - Tuarascáil Uimh. 2 (2007)

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas de chuid na Saotharlainne Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhphárteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 20 an 27 Eanáir 2021)**(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 27 Eanáir 2021)*

Leathanach 22, tá Iarscríbhinní I agus II le léamh mar seo a leanas:

"IARSCRÍBHINN I

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 81-20:2020 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 20: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí
2.	EN 81-21:2009+A1:2012 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 21: Ardaitheoirí nua paisinéirí agus ardaitheoirí nua paisinéirí agus earraí i bhfoirgneamh atá ann cheana
3.	EN 81-22:2014 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 22: Ardaitheoirí leictreacha a bhfuil fána leo
4.	EN 81-28:2003 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 28: Cian-aláram ar ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí
5.	EN 81-50:2020 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúduithe agus tástálacha - Cuid 50: Rialacha dearaidh, ríomhanna, scrúduithe agus tástálacha maidir le comhphárteanna ardaitheoirí
6.	EN 81-58:2003 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúduithe agus tástálacha - Cuid 58: Tástáil dó-obachta doirse léibhinn
7.	EN 81-70:2003 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 70: Ardaitheoirí a bheith inrochtana ag daoine, lena n-áirítear ag daoine atá faoi mhíchumas EN 81-70:2003/A1:2004
8.	EN 81-71:2005+A1:2006 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 71: Ardaitheoirí a bhfuil frithsheasmhacht iontu in aghaidh na loitiméireachta
9.	EN 81-72:2015 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 72: Ardaitheoirí lucht comhraic dóiteán
10.	EN 81-73:2016 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 73: An chaoi a n-oibríonn ardaitheoirí i gcás tine
11.	EN 81-77:2013 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna áirithe ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 77: Ardaitheoirí atá faoi réir coinníollacha seismeacha
12.	EN 12016:2013 An chomhoiriúnacht leictreamaighnéadach - Caighdeán maidir le tacar táirgí gaolmhara le haghaidh ardaitheoirí, staighrí beo agus cosáin bheo - Díolúine

13.	EN 12385-3:2004+A1:2008 Rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht - Cuid 3: Faisnéis maidir le húsáid agus cothabháil
14.	EN 12385-5:2002 Rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht - Cuid 5: Rópaí dualacha le haghaidh ardaitheoirí EN 12385-5:2002/AC:2005
15.	EN 13015:2001+A1:2008 Cothabháil ardaitheoirí agus staighrí beo - Rialacha maidir le treoracha cothabhála
16.	EN 13411-7:2006+A1:2008 Foircinn le haghaidh rópaí de shreang cruach - Sábháilteacht - Cuid 7: Soicéad dinge siméadrach

IARSCRÍBHINN II

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 81-20:2014 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí le haghaidh iompar daoine agus earraí - Cuid 20: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí
2.	EN 81-50:2014 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúduithe agus tástálacha - Cuid 50: Rialacha dearaidh, ríomhanna, scrúduithe agus tástálacha maidir le comhphárteanna ardaitheoirí

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)